Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11068 – RLBNW / ASM / BETA PURA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 126/04)

1. An 28 Márta 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Raiffeisenlandesbank Niederösterreich-Wien AG ("RLBNW") (an Ostair), atá faoi rialú Raiffeisen-Holding Niederösterreich-Wien reg.Gen.m.b.H. (an Ostair),

— AGRANA Sales & Marketing GmbH ("ASM") (n Ostair), atá faoi rialú AGRANA Beteiligungs-Aktiengesellschaft (an Ostair),

— Beta Pura GmbH ("Beta Pura") (an Ostair), atá faoi rialú ASM agus Amalgamated Sugar Company (Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh RLBNW agus ASM rialú comhpháirteach ar Beta Pura GmbH de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is banc uilíoch Ostarach é RLBNW atá ina chomhalta de Ghrúpa Baincéireachta Raiffeisen na hOstaire,

— Is fochuideachta de AGRANA Beteiligungs-Aktiengesellschaft é ASM, a bhfuil a ghnó roinnte ina thrí dheighleog: siúcra, stáirse agus torthaí. Áirítear leis an réimse táirgí siúcra raon leathan siúcra agus seachtháirgí, amhail molás, laíon biatais agus comhpháirteanna beatha eile,

— Oibríonn Beta Pura gléasra criostalaithe béitín a phróiseálann béitín leachtach nádúrtha ina bhéitín criostalta nádúrtha agus fotháirgí criostalach.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11068 – RLBNW / ASM / BETA PURA

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË